
# 9 Mol Oibríochtúil um an gCeartas Coiriúil

**9.1** Is í an earnáil cheartais choiriúil atá freagrach as imscrúdú agus ionchúiseamh na gcionta coiriúla. Déanann an earnáil seo ciontóirí a bhainistiú freisin, sa phríosún agus sa phobal. Tá léiriú i bhFíor 9.1 ar na croí-ghníomhaireachtaí a oibríonn laistigh den earnáil. Bíonn gá le cumarsáid éifeachtach a bheith ann idir na gníomhaireachtaí seo le go bhfeidhmeoidh an córas dlí choiriúil ar bhealach éifeachtúil.

**Fíor 9.1 Croí-ghníomhaireachtaí san earnáil cheartais choiriúil**




Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

Nótaí:
a Gníomhaireacht feidhmiúcháin neamhreachtúil.
b Mar atá leagtha amach san Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974, feidhmíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ar bhonn neamhspleách.
c Ní gníomhaireacht í Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig ach foireann chomhshuite a chuimsíonn baill foirne ón Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus an Roinn Leanaí Míchumais agus Comhionannais.

**9.2** Bunaíodh an Coiste Straitéiseach um Cheartas Coiriúil (an Coiste), arb í an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (an Roinn) a dhéanann cathaoirleacht air, in 2015 chun gníomhaíochtaí agus próisis sa chóras dlí choiriúil a chomhordú ach aitheantas ann i gcónaí do neamhspleáchas na hoibre a dhéanann gach eagras acu.[1] Shonraigh an Roinn nach bhfuil aon bhaint ag forais mhaoirseachta póilíneachta amhail an tÚdarás Póilíneachta agus an tOmbudsman Póilíneachta leis an gcoiste straitéiseach mar gheall ar a ról neamhspleách maoirseachta.

**9.3** D'fhoilsigh an Coiste a gcéad straitéis in 2022. Tá prionsabal na comhroinnte faisnéise mar bhun agus mar thaca faoi chroí-ghnéithe den straitéis sin.[2]

**9.4** Is é atá sa Mhol Oibríochtúil um an gCeartas Coiriúil (an Mol) ná comhoibriú idir ghníomhaireachtaí a bhíonn ag feidhmiú in earnáil an cheartais choiriúil. Éascaíonn sé comhroinnt uathoibrithe sonraí agus tá sé faoi stiúir na Roinne.

1 Cuimsíonn an Coiste ceanna na n-eagras neamhspleách seo a leanas san earnáil: An Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus an tSeirbhís Promhaidh.

2 An Straitéis Earnála um an gCeartas Coiriúil, 2022-2024

**9.5** Leis an imscrúdú seo, táthar á mheas mar atá an Roinn ag bainistiú fhorbairt an Mhoil agus na dtionscadal aonair a bhaineann leis. Tá iniúchadh sa tuarascáil ar

- forbairt an Mhoil, na socruithe maoirseachta atá i bhfeidhm agus costais an chláir;
- tionchar ceisteanna a bhaineann leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ar fhorbairt an Mhoil; agus
- cé acu a baineadh amach sochair ionchais nó nár baineadh in dhá thionscadal.

**9.6** Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar cháipéisí iomchuí agus chuaigh i dteagmháil leis an Roinn agus le comhpháirtithe tionscadail le linn an imscrúdaithe.

## Raon agus feidhmiúlacht an Mhoil

**9.7** Cuireadh tús le forbairt an Mhoil in 2017. Ceapadh é mar chóras slán chun sonraí a mhalartú idir gníomhaireachtaí Stáit a fheidhmíonn sa chóras dlí choiriúil, ag tógáil faisnéis iomchuí ó chóras amháin agus ag cinntiú comhoiriúnachta idir chórais.[1] Mar atá sonraithe i gcás gnó an tionscadail, is é is cuspóir foriomlán don Mhol ná bainistiú éifeachtach ceann go ceann cásanna agus daoine, tríd an gcóras dlí choiriúil, a chumasú.

**9.8** Tá coincheap an Mhoil bunaithe ar chlár Causeway Thuaisceart Éireann, a seoladh in 2002, rud

- a thacaíonn le comhroinnt na sonraí oibríochtúla idir gníomhaireachtaí ceartais choiriúil;
- a bhailíonn sonraí d'fhonn feidhm chuardaigh choiriúil a éascú; agus
- a chuireann ar fáil stór sonraí chun críche taighde.

**9.9** Níl aon raon daingean ag baint leis an Mol nó ceapadh é chun freagairt do thosaíochtaí athraitheacha agus riachtanais éiritheacha na ngníomhaireachtaí rannpháirteacha.[2] I dtús báire, beartaíodh go mbeadh dhá shnáithe oibre ag baint leis an Mol.

- Snáithe 1: bailiú sonraí agus cuardach daoine;
- Snáithe 2: malartuithe oibríochtúla sonraí.

## Rialachas an chláir

**9.10** Bunaíodh Bord Cláir don Mhol (an Bord) in 2017 chun maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an Mhoil agus na dtionscadal aonair a bhaineann leis. Cuimsíonn sé seo treoir a chur ar fáil agus tosú tionscadal a fhaomhadh. Tá an Bord déanta d'ionadaithe sinsearacha ó na gníomhaireachtaí rannpháirteacha.

**9.11** Tuairiscíonn an Bord do bhord bainistíochta na Roinne trí fhochoiste — an Coiste um Maoirsiú Tionscadal, Clár agus Punainne (Coiste TCP). Cuireann an Bord nuashonruithe ar fáil freisin don Choiste Straitéiseach um Cheartas Coiriúil maidir le dul chun cinn an Mhoil (féach Fíor 9.2).

1 Déanann an Roinn ardán an Mhoil a óstáil taobh thiar de bhalla dóiteáin slán. Ní choinníonn an Mol aon sonraí agus ní choimeádtar aon chuid de na sonraí a théann tríd.

2. Is iad na gníomhaireachtaí rannpháirteacha ná: An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, An Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Promhaidh, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus an Bord um Chúnamh Dlíthiúil.

**9.12** Tá gá le tionscnaimh shuntasacha dhigiteacha agus TFC chun próiseas 'piarmheasúnaithe' a bhunú.[1] Bíonn Grúpa Piarmheasúnaithe an Mhoil ag oibriú leis an mBord, i ról comhairleach, chun tacú leis an dearbhú cáilíochta agus leis an bhfeabhsúchán leanúnach.


**9.13** Ní mór 'cairt' chláir a chur ar fáil don Bhord ar bhonn bliantúil. Tá mionsonraí le fáil ón gcairt maidir le staid reatha an dul chun cinn i dtaca le tionscadail aonair de chuid an Mhoil, na tosaíochtaí don bhliain atá romhainn agus caiteachas foriomlán bliantúil na Roinne, arna mhiondealú ina gcatagóirí leathana caiteachais: costais conraitheora, crua-earraí, ceadúnú bogearraí agus costais teileachumarsáide. Níl miondealú sa chairt ar chaiteachas a thabhaítear as tionscadail aonair.

**9.14** Sonraíodh san imscrúdú seo gur soláthraíodh nuashonruithe íosta maidir leis an dá chroí-shnáithe oibre sna cairteacha lena gclúdaítear na blianta 2021 go 2023. Ní raibh aon chairt ar fáil le haghaidh 2024.

**9.15** Dhearbhaigh an Roinn, mar gheall ar dhearmad, nár gineadh an chairt le haghaidh 2024 go dtí mí Lúnasa 2025.

1 Ciorclán 14/2021 Socruithe maidir le Maoirseacht ar Thionscnaimh Dhigiteacha agus ar Thionscnaimh a bhaineann le TFC sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.

**Fíor 9.2 Rialachas le haghaidh an Mhoil Oibríochtúil um an gCeartas Coiriúil**




Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Seachadadh tionscadal

### *Bailiú sonraí agus cuardach daoine*

**9.16** Ba é sprioc shnáithe 1 go mbeadh sonraí ceartais choiriúil á gcoinneáil go lárnach sa Roinn. Thacódh sé seo leis an anailísíocht agus le meastacháin idir-ghníomhaireachta lena bhféadfaí ceapadh beartais agus tuairisciú na Roinne a threorú. Bheadh na sonraí seo ar fáil freisin do Ghníomhaireachtaí chun próisis oibríochtúla agus riaracháin ar fud an chórais dlí choiriúil a fheabhsú. Bhí na sonraí lena mbailiú ó cheithre chroí-ghníomhaireacht, mar atá, An Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, Seirbhís Phríosún na hÉireann agus an tSeirbhís Promhaidh.

**9.17** Seoladh trí thionscnamh taighde chun an fheidhm anailísíochta idir-ghníomhaireachta a thabhairt chun cinn.[1] Cuireadh tús le ceann amháin acu in 2022 ach cuireadh stad leis in 2023 mar gheall ar bhuarthaí i dtaca le cáilíocht sonraí. Cuireadh tús le dhá thionscadal bhreise in 2023 ach cuireadh stad leo ó shin, ar feitheamh chomhlánú na gcáipéisí cosanta sonraí iomchuí.

**9.18** Chuir an Roinn in iúl gur mheabhraigh sí ar uimhir aitheantais uathúil a chur i bhfeidhm i dtaca leis an bhfeidhm ‘cuardach daoine’ de chuid shnáithe 1. Ba chúnamh é seo chun sonraí ó fhoinsí iolracha a nascadh. Mar gheall ar fhadhbanna féideartha cosanta sonraí, áfach, agus rochtain theoranta ar sonraí gníomhaireachtaí, ní dheachthas ar aghaidh leis seo. Baineadh tionscadal an chuardaigh daoine de shnáithe 1 in 2021. Tá tugtha le fios ag an Roinn gur thionscain sí tionscadal faoi leith chun aitheantóir uathúil a thabhairt isteach ar fud earnáil an dlí choiriúil.

**9.19** Bhí an dul chun cinn ar shnáithe 1 teoranta mar

- níor tugadh na tionscadail maidir le bailiú sonraí chun cinn ó bhí 2023 ann agus tá siad ar feitheamh i láthair na huaire, agus
- baineadh tionscadal an chuardaigh daoine den raon feidhme agus dhearbhaigh an Roinn nach mbeidh sé mar chuid de shnáithe 1 feasta.

### *Malartuithe oibríochtúla sonraí*

**9.20** Díríodh snáithe 2 ar fhorbairt na malartuithe oibríochtúla sonraí d’fhonn aistriú uathoibrithe sonraí a chumasú idir na gníomhaireachtaí rannpháirteacha a bhíonn ag feidhmiú in earnáil an dlí choiriúil. Cuirtear tionscadail shainiúla ar bun chun an t-aistriú seo a éascú.

**9.21** Ghlac an Bord le liosta tosaigh de 14 rogha tionscadail (tionscadail) in 2017 lena mbreithniú, de bhun moltaí ó na gníomhaireachtaí rannpháirteacha. Bhí na tionscadail seo le sonrú mar “roghanna croí-thionscadail idir-inoibritheacht sonraí” sa chéad phlean gnó don Mhol in 2017. Cuireadh tionscadail bhreise leis an liosta ina dhiaidh sin agus tá an Bord tar éis roinnt tionscadal a fhaomhadh ó bhí 2017 ann lena gcur chun cinn chuig an gcéim mheasta (féach Fíor 9.3).

1 Is é a bhí i gceist leis na trí thionscnamh taighde ná staidéar ar Athstiúradh Óige, staidéar ar rátaí athcharcraithe i measc príosúnaigh a ligtear amach go luath agus tionscadal de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann/na Seirbhíse Promhaidh.

**9.22** I mí an Mhárta 2025, d'iarr an fhoireann imscrúdaithe liosta críochnúil de gach tionscadal faoi shnáithe 2 mar aon lena stádas reatha (e.g. tionscadail a cuireadh i gcrích, tionscadail a faomhadh lena gcur chun cinn, tionscadail nach dócha go dtabharfaí chun cinn iad). In ainneoin roinnt iarrachtaí, ní raibh an Roinn in ann liosta críochnúil a chur ar fáil. Soláthraíodh an liosta tionscadal ag Fíor 9.3 don fhoireann imscrúdaithe i mí Lúnasa 2025.

**9.23** As na 20 tionscadal a sainaithníodh, chuir an Roinn in iúl gur fhág an sceidealú tionscadal mar aon le forbairt na gcomhaontuithe comhroinnte sonraí nár cuireadh tús le haon cheann de na tionscadail seo go dtí 2020.

**Fíor 9.3 Tionscadail de chuid an Mhoil Oibríochtúil um an gCeartas Coiriúil, stádas mar a bhí i mí Lúnasa 2025**

| Ainm an tionscadail | Gníomhaireachtaí bainteacha | Barúlacha |
|---|---|---|
| **Tionscadail a cuireadh i gcrích** | | |
| Bileoga cúiseamh agus bannaí stáisiúin | An tSeirbhís Chúirteanna agus An Garda Síochána | Malartú leictreonach na mbileog cúiseamh chuig an gCúirt Dúiche. |
| Liostaí cúirte | An tSeirbhís Chúirteanna agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann | Aistriú leictreonach na liostaí cúirte ón tSeirbhís Chúirteanna go príosúin. |
| Liostaí cúirte | An tSeirbhís Chúirteanna agus Baile an Oibricigh | Aistriú leictreonach na liostaí cúirte ón tSeirbhís Chúirteanna go Baile an Oibricigh. |
| Torthaí cúirteanna dúiche agus iarratais ar thuarascálacha promhaidh | An tSeirbhís Chúirteanna agus an tSeirbhís Promhaidh | Uathoibriú na dtorthaí cúirte agus sonraí cúirteanna dúiche go bunachar sonraí na seirbhíse promhaidh. |
| **Tionscadail pháirt-chríochnaithe** | | |
| Nuashonruithe teagmhais PULSE d'Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann agus An Garda Síochána | Aistriú leictreonach chun feabhsúcháin a chur i gcrích maidir leis na bealaí a ndéantar foilseáin/míreanna fianaise a rangú in ord tosaíochta nó a bhaint den scuaine. |
| **Tionscadail a faomhadh lena meas** | | |
| Barántais leictreonacha | An tSeirbhís Chúirteanna agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann | Uathoibriú na mbarántas leictreonach lena chinntiú go ndéantar pianbhreitheanna a ríomh i gceart. |
| Torthaí i gcúirteanna níos airde | An tSeirbhís Chúirteanna agus An Garda Síochána | Uathoibriú na dtorthaí ó na cúirteanna níos airde go dtí An Garda Síochána. |
| Toghairm neamh-Gharda | An tSeirbhís Chúirteanna | Uathoibriú maidir le toghairm á cur chuig an tSeirbhís Chúirteanna ó 116 gníomhaireacht. |
| **Tionscadail a bhfuil faomhadh ar feitheamh ina leith** | | |
| Aistriú foirm C56 | Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann agus An Garda Síochána | Aistriú leictreonach C56 ó An Garda Síochána go dtí Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann. |
| Liostaí cúirte | An tSeirbhís Chúirteanna agus An Garda Síochána | Aistriú leictreonach na liostaí cúirte ón tSeirbhís Chúirteanna go dtí an Garda Síochána. |
| Torthaí Cúirte | An tSeirbhís Chúirteanna agus OSIP[a] | Uathoibriú na dtorthaí cúirte chuig OSIP. |
| Torthaí cúirte | An tSeirbhís Chúirteanna agus an Bord um Chúnamh Dlíthiúil | Uathoibriú na dtorthaí cúirte chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil. |
| Íocaíochtaí Cúnaimh Dlí Choiriúil | An tSeirbhís Chúirteanna agus an Bord um Chúnamh Dlíthiúil | Uathoibriú an phróisis láimhe trína gcuirtear íocaíochtaí cúnaimh dlí i gcrích. |
| Taifid choiriúla | An tSeirbhís Promhaidh agus An Garda Síochána | Aistriú leictreonach sonraí thaifid choiriúla na gcliant promhaidh ó An Garda Síochána. |
| Taifid choimeádta | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil agus An Garda Síochána | Uathoibriú an taifid coimeádta d'fhonn éifeachtacht na ndlíodóirí cúnaimh dlí choiriúil a fheabhsú. |

| | | |
|---|---|---|
| Bunachar sonraí DNA | Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann agus Bunachar Sonraí DNA | Aistriú leictreonach faisnéise isteach sa Bhunachar Sonraí DNA. |
| Dearcthaí Garda maidir le moltaí i dtaobh saoradh sealadach | Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus An Garda Síochána | Malartú leictreonach dhearcthaí An Gharda Síochána nuair a bhítear ag breithniú ar phríosúnach a shaoradh ar bhonn sealadach. |
| Torthaí príosúin | An tSeirbhís Promhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann | Uathoibriú na dtorthaí príosúin, i.e. dátaí saortha éagsúla, chuig an mbunachar sonraí promhaidh. |
| Malartú comhad/cinntí ionchúisimh | OSIP agus An Garda Síochána | Aistriú leictreonach uathoibrithe chomhaid ionchúisimh an Gharda Síochána chuig OSIP. OSIP a bheith in ann cinneadh a chur in iúl go leictreonach. |
| Imithe ón bpríosún go neamhdhlíthiúil | Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus An Garda Síochána | Uathoibriú liosta laethúil Sheirbhís Phríosúin na hÉireann de phríosúnaigh a gcuirtear síos dóibh go bhfuil siad imithe ón bpríosún go neamhdhlíthiúil lena chur chuig An nGarda Síochána. |

Foinse: Plean Gnó 2017 an Mhoil Oibríochtúil um an gCeartas Coiriúil, an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce; rannpháirteachas le linn iniúchadh a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste


Nóta: a Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

## Costais an chláir

**9.24** I bplean gnó 2017 don Mhol, socraíodh buiséad deEUR 7.2 milliún, bunaithe ar chlár seachadta trí bliana. Sa tréimhse 2017 – 2024, thabhaigh an Roinn costais de thart arEUR 4.3 millún i dtaca leis an Mol. Baineann na costais a thabhaigh an Roinn le bunú tosaigh an Mhoil agus le tionscadail aonair de chuid an Mhoil. Baineann bunús na gcostas, i.e. 97%, le costais comhairleoirí/conraitheoirí.

**9.25** Cé is moite de 2020, chaith an Roinn méid suntasach níos lú ná leithdháileadh maoinithe bliantúil an Mhoil sa tréimhse 2017 – 2024 (féach Fíor 9.4). Tharla thart arEUR 1.75 milliún den chaiteachas seo sular cuireadh tús le haon tionscadal shnáithe 2 in 2020.

**Fíor 9.4 Meastachán agus caiteachas an Mhoil 2017 to 2024[a]**




Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

Nóta: a Baineann caiteachas le costais de chuid na Roinne amháin.

**9.26** Thuairiscigh an Roinn go mbaineann athraithis shuntasacha idir caiteachas measta agus caiteachas iarbhír leis na tosca seo a leanas go príomha.

- Chuathas chun cinn le hamlínte tionscadail níos moille ná a bhíothas ag súil leis mar gheall ar an ngá a bhí le fionnachtain fhairsing teicneolaíochta d'fhonn an tacar uirlisí teicneolaíochta ab oiriúnaí don Mhol a dhéanamh amach.
- Bhí gá le hanailís shuntasach ar cháilíocht sonraí chun dul i ngleic le rioscaí a bhain le sonraí ar chaighdeán íseal.
- Bhí moilleanna ann a bhain le cur i gcrích agus le síniú na gcomhaontuithe comhroinnte sonraí.
- Bhí na costais teicneolaíochta níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis nó ba í rannóg TFC na Roinne a chuir na huirlisí riachtanacha ar fáil agus gan aon chostas breise ann don Mhol.

**9.27** Tabhaíonn comhpháirtithe tionscadail costais freisin as na tionscadail lena mbíonn siad bainteach. Is amhlaidh, áfach nach gcoinnítear taifead lárnach de na costais a thabhaíonn comhpháirtithe tionscadail ar gach tionscadal. Is amhlaidh, áfach, nach raibh an fhoireann imscrúdaithe in ann i gcónaí an caiteachas foriomlán a dhéanamh amach ar thionscadail aonair. Thug an Roinn le fios go bhfuil an tSeirbhís Promhaidh agus Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann mar 'chuid den Roinn' agus nach bhfuil a mbuiséad TF féin ag Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann (cuimsítear costais tionscadail i gcaiteachas na Roinne). Is cosúil gur tabhaíodh costais iomlána deEUR 4.9 milliún, ar a laghad sa Mhol, arna miondealú mar seo a leanas.

- Thuairiscigh an Roinn caiteachas deEUR 4.3 milliún, ar a laghad.
- Thuairiscigh an tSeirbhís Chúirteanna, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus An Garda Síochána gur thabhaigh siad caiteachas deEUR 385 000,EUR 172 000 agusEUR 65 000 faoi seach.
- Thuairiscigh an Roinn gurb ionann costais tionscadail sheachtracha na Seirbhíse Promhaidh agusEUR 10 000 agus nár thabhaigh Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann aon chostais tionscadail sheachtracha.

### *Faomhadh Caiteachas TFC*

**9.28** Ó bhí 2016 ann, tá de cheangal ar ranna agus oifigí de chuid an rialtais láir réamh-fhaomhadh sainiúil a fháil le haghaidh gach caiteachas nó tionscnamh TFC-bhainteach as a n-eascródh caiteachas deEUR 25 000 nó níos mó ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (an Roinn Caiteachais Phoiblí).[1]

**9.29** Tá dearbhaithe ag an Roinn nár cuireadh isteach iarratas ar fhaomhadh maidir leis an Mol, in ainneoin an bhuiséid deEUR 1.2 milliún a iarradh le haghaidh 2017. Tá curtha in iúl ag an Roinn, chomh luath is a thug siad an dearmad seo faoi deara in 2020, gur fhéach sí leis an gceist a réiteach ag an am sin. Is amhlaidh, áfach, faoi phrótacal na Roinne Caiteachais Phoiblí, mar atá leagtha amach i gciorclán 02/16 aige, nach bhfuil aon 'fhaomhadh siarghabhálach' ar fáil.

1 Ciorclán 02/16 Arrangements for Digital and ICT-related Expenditure in the Civil and Public Service [Socruithe maidir le Caiteachas Digiteach agus TFC-bhainteach sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí].

## Ceisteanna cosanta sonraí

**9.30** Baineann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an tAcht um Chosaint Sonraí bainteach in 2018, atá i bhfeidhm ó bhí Bealtaine 2018 ann, le próiseáil sonraí pearsanta uile san AE. Tá leagtha amach in RGCS freisin oibleagáidí níos leithne do rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí mar aon le cosaintí níos daingne do dhaoine is ábhar do na sonraí.

**9.31** Le tabhairt isteach RGCS, agus an Achta um Chosaint Sonraí bhaintigh in 2018, tháinig ann do roinnt ceisteanna don Roinn i dtaca le rialachas sonraí lenar áiríodh sainiú na bhfreagrachtaí idir rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí, an bonn dlíthiúil a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta agus dlisteanacht na comhroinnte sonraí idir-ghníomhaireachta.

**9.32** Tá Meitheal Oibre Cosanta Sonraí bunaithe ag an Roinn chun plé leis na ceisteanna seo agus fuarthas comhairle dlí nuair a bhíothas ag forbairt comhaontuithe comhroinnte sonraí agus creata cosanta sonraí.[1] Shínigh gach gníomhaireacht rannpháirteach na comhaontuithe seo i mí Aibreáin 2020. Tá curtha in iúl ag an Roinn nárbh ann d'aon fhadhbanna RGCS ná aon sárú ar shonraí maidir leis an Mol agus a chuid tionscadal shnáithe 2.

**9.33** Maidir le snáithe 1, tá ceisteanna maidir le RGCS ina ndúshlán suntasach don Roinn, go háirithe prionsabal an teorannaithe de réir cuspóra.[2] Bheartaigh an Roinn i dtús báire go gcoimeádfaí cóip de na sonraí a bhaileofaí ach ní bheadh a leithéid de choimeád ag teacht leis an bprionsabal seo. Chuir an Roinn in iúl nach raibh sí in ann dul i ngleic leis na ceisteanna go dtí seo, rud a d'fhág go raibh moilleanna suntasacha ann mar aon le raon feidhme laghdaithe le haghaidh snáithe 1.

## Seachadadh tionscadal agus tairbhí

**9.34** Roghnaigh an fhoireann imscrúdaithe dhá thionscadal shnáithe 2 lena n-athbhreithniú — tionscadal bhileoga na gcúiseamh agus bannaí stáisiúin agus tionscadal na liostaí cúirte. Sainíodh raon feidhme agus cuspóirí gach tionscadail le cáipéis thionscnaimh pleanála.

### *Tionscadal bhileoga na gcúiseamh agus bannaí stáisiúin*

**9.35** B'ionann an tionscadal seo, ar fhaomh an Bord in 2017 é, agus comhoibriú idir An Garda Síochána agus an tSeirbhís Chúirteanna. Is é an aidhm a bhí leis ná aistriú leictreonach na mbileog cúiseamh agus faisnéis maidir le bannaí stáisiúin a éascú ón gcóras Gardaí ag Úsáid na Mórchóras go hÉifeachtach (PULSE) de chuid an Gharda Síochána go Córas Rianaithe Cásanna Coiriúla (CCTS) na Seirbhíse Cúirte.

**9.36** Roimh an tionscadal, priontáiltí thart ar 110 000 bileog cúiseamh ón gcóras PULSE gach bliain agus dhéanadh baill de An Garda Síochána iad a sheachadadh de láimh don tSeirbhís Chúirteanna. Dhéantaí an fhaisnéis ó na bileoga cúiseamh a chur isteach de láimh ansin sa CCTS. D'fhéach an tionscadal seo de chuid an Mhoil leis an bhfaisnéis a aistriú go leictreonach ó PULSE go CCTS.

1 Cuimsíonn an Mheitheal Oibre um Chosaint Sonraí 14 bhall shinsearacha den Roinn.

2 Fágann an teorannú de réir cuspóra gur gá sonraí pearsanta a bhailiú ar chuspóir sainiúil follasach dlisteanach, a chinnfí tráth an bhailithe agus nach ceadmhach na sonraí a phróiseáil a thuilleadh ar bhealaí nach mbeadh ag teacht leis na cuspóirí sin. Is féidir a thuilleadh eolais a fháil in Alt 5(1)(b) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

**9.37** Sainaithníodh le cáipéis tionscnaimh tionscadail na Roinne, arna faomhadh i Meitheamh 2020, liosta de 20 tairbhe féideartha a thiocfadh leis an tionscadal, a rachadh chun sochair don tSeirbhís Chúirteanna agus/nó do An Garda Síochána. Orthu seo, bhí laghdú ar riosca na hearráide daonna, íoslaghdú ar an ngá a bheadh le ceisteanna leantacha agus cumarsáid idir-ghníomhaireachta fheabhsaithe. Níor ceanglaíodh luachanna measta airgid de na tairbhí féideartha e.g. luach na gcoigilteas ó thaobh am foirne de.

**9.38** Níor leagadh amach sa cháipéis tionscnaimh tionscadail buiséad molta nó réamh-mheastachán costas don tionscadal. Tá a bhuiséad féin deEUR 200 000 socraithe ag an tSeirbhís Chúirteanna don tionscadal. Níor shocraigh an Roinn ná An Garda Síochána buiséad tionscadail bainteach.

**9.39** Bhí sé beartaithe go gcuirfí an tionscadal i gcrích i mí na Samhna, 2020, ach níor cuireadh tús leis an tionscadal go dtí Meitheamh 2020 agus cuireadh i gcrích i mí Iúil 2022 é. Bhain an mhoill maidir le cur i gcrích an tionscadail le

- tionchar na srianta Covid-19;
- , tosaíochtaí athbhreithnithe na gcomhpháirtithe tionscadail; agus
- riachtanais fhheidhmiúla breise a sainaithníodh le linn na céime deartha agus fionnachtana agus na tástála inghlacthachta úsáideoirí.

**9.40** B’ionann costas taifeadta iomlán an tionscadail agusEUR 583 000. Thuairiscigh an Roinn agus An Garda Síochána caiteachas deEUR 299 000 agusEUR 65 000 faoi seach. Thuairiscigh an tSeirbhís Chúirteanna caiteachas iarbhír deEUR 219 000 agus gur bhain an róchaiteachas de 9% leis an ngá a bhí le hobair forbartha bhreise chun an malartú sonraí a fheabhsú.

**9.41** Ullmhaíonn an bainisteoir tionscadail iomchuí tuairisc chlabhsúir tionscadail tar éis chur i gcrích aon tionscadail de chuid an Mhoil agus leagann amach na croí-spriocanna rathúlachta don tionscadal mar aon leis an toradh a bhfuiltear ag súil leis. Is é aidhm na tuairisce seo ná aon cheachtanna a foghlaimíodh a shainaithint agus a mheas cé acu a baineadh amach na tairbhí tuartha nó nár baineadh.

**9.42** Níor phléigh an tuairisc chlabhsúir a tugadh don fhoireann imscrúdaithe, dar dáta mí na Nollag 2022, le gach ceann de na tairbhí tionscadail a bhí le sonrú sa cháipéis tionscnaimh tionscadail. Chuir an Roinn tuairisc chlabhsúir tionscadail leasaithe ar fáil don fhoireann imscrúdaithe dar dáta mí Lúnasa 2025, ina dhiaidh sin, inar sonraíodh gur baineadh amach na tairbhí tuartha go léir.

**9.43** Ba é an phríomhthairbhe a baineadh as an tionscadal ná laghdú suntasach ar am foirne na Seirbhíse Cúirteanna a bhí ag teastáil chun cásanna a chruthú ar an gcóras CCTS. B’ionann an t-am cruthaithe cáis measta, roimh an bhforfheidhmiú, agus deich nóiméad an cás, agus is é an sprioc a bhí ann go laghdófaí an meánam go dtí ceithre nóiméad an cás. Measadh sa tuairisc chlabhsúir tionscadail gurbh amhlaidh, tar éis an fhorfheidhmithe, go raibh cásanna á gcruthú laistigh de 3.5 nóiméad, ar an meán. Ar fud na Seirbhíse Cúirteanna, measadh gurbh ionann é seo agus 3.2 post coibhéiseach lán-aimseartha a shaoradh agus coigilteas de thart arEUR 180 000 sa bhliain.

**9.44** Déantar faisnéis ó na bileoga cúiseamh a aistriú go leictreonach anois ó An Garda Síochána chuig an tSeirbhís Chúirteanna tríd an Mol, ag eatraimh sceidealta ar bhonn laethúil. Is amhlaidh, áfach, faoi réir ceanglas cúirte, go ndéantar bileoga cúiseamh a phriontáil agus a sheachadadh do na cúirteanna fós.[1]

**9.45** Tá d'fhéidearhacht, trí fhaisnéis maidir le torthaí cúirte a chuimsiú ar an gcóras PULSE, cumas An Gharda Síochána torthaí coiriúlachta a anailísiú agus a thuairisciú, a fheabhsú. Tá tuairiscithe ag an tSeirbhís Chúirteanna go raibh aistriú leictreonach na dtorthaí Cúirt Dúiche chuig An nGarda Síochána i bhfeidhm cheana roimh an tionscadal seo. Beidh aistriú thorthaí na gcúirteanna níos airde mar chuid de thionscadal eile amach anseo.

### *Tionscadal na liostaí cúirte*

**9.46** Baineann Seirbhís Phríosúin na hÉireann (SPÉ) agus Cór Tionlacain na Seirbhíse Príosúin (PSEC) feidhm as liostaí cúirte chun láithreas cúirte a sceidealú agus a bhainistiú do phríosúnaigh.[2] Is é ab aidhm leis an tionscadal seo, arna fhaomhadh lena fhorbairt ag an mBord in 2018, ná malartú na liostaí cúirte ón tSeirbhís Chúirteanna chuig SPÉ a uathoibriú, ag clúdach tréimhse de sheacht lá chun cinn.

**9.47** Roimh an tionscadal seo, bhain SPÉ feidhm as modh oibre páipéarbhunaithe chun láithreas príosúnach sa chúirt a dheimhniú de láimh. Is é a bhí i gceist leis seo ná faisnéis ar an gCóras Bainistithe Faisnéis Príosúnach (PIMS) a chros-seiceáil i gcoinne na liostaí cúirte a sholáthraíonn an tSeirbhís Chúirteanna. Dá mbíodh láithris ar iarraidh ón PIMS, b'éigean iad a iontráil de láimh.

**9.48** Sainaithníodh cúig thairbhe fhéideartha ón tionscadal sa cháipéis thionscnaimh tionscadail. Cuireadh tús leis an tionscadal i mí Eanáir 2020 agus cuireadh i gcrích é i mí na Nollag 2021, 11 mhí ar gcúl sa sceideal. Chuir an Roinn in iúl gurbh é ba phríomhchúis leis an moill ná athruithe sa dearadh ag céim dhéanach.

**9.49** Anois, cuirtear réamhfhaisnéis seacht lá de na príosúnaigh atá ag teastáil sa chúirt chuig SPÉ agus cuirtear athruithe le haghaidh éisteachtaí an chéad lae eile chuig an PIMS le go bhféadann SPÉ pleanáil níos éifeachtúla a dhéanamh i gcomhair láithreas an phríosúnaigh.

**9.50** Níor shocraigh an Roinn ná SPÉ buiséad le haghaidh an tionscadail agus shocraigh an tSeirbhís Chúirteanna buiséad deEUR 72 000. B'ionann costas iomlán an tionscadail agusEUR 403 000. Thuairiscigh an Roinn agus SPÉ caiteachas deEUR 80,000 agusEUR 172 000 faoi seach. Thuairiscigh an tSeirbhís Chúirteanna caiteachas iarbhír deEUR 151 000 agus gur bhain an róchaiteachas de 109% le modhnuithe córais gan choinne a bhí de dhíth chun an t-aistriú sonraí chuig an Mol a éascú.

**9.51** Tugadh le fios i dtuairisc chlabhsúir an tionscadail, arna chur i gcrích i mí na Nollag 2022, gur baineadh amach tairbhí féideartha uile agus feidhmiúlacht bheartaithe an chórais. Déantar liostaí cúirte a chur chuig SPÉ go leictreonach anois, rud a thug laghdú ar an gcros-seiceáil láimhe agus laghdú neamhthomhaiste ar láithris chúirte mhíchearta.

1 Tá na bileoga cúiseamh fós á bpriontáil de réir mar a bhíonn siad ag teastáil sa chúirt. Ní mór go síneodh ball de An Garda Síochána, ag céim an tsáirsint iad agus ní mór, de réir an dlí, iad a sholáthar do na cosantóirí. Tá curtha in iúl ag an tSeirbhís Chúirteanna go dtagann an gá atá le bileog chúiseamh fhisiceach faoi réir reachtaíochta agus nach féidir bileog chúiseamh leictreonach a theacht isteach ina háit ach amháin trí bhíthin leasú reachtaíochta.

2 Is aonad é Cór Tionlacain na Seirbhíse Príosúin (PSEC) laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (SPÉ). Tá sé freagrach as iompar agus tionlacan slán príosúnach idir cúirteanna, príosúin, otharlanna agus áiteanna eile.

**9.52** Leagadh amach freisin i dtuairisc chlabhsúir an tionscadail trí chritéar ratha mar aon leis na torthaí a rabhthas ag súil leo. Ba iad na príomhthairbhí a baineadh as an tionscadal ná laghdú ar am foirne SPÉ chun liostaí cúirte a chros-seiceáil de láimh. Ba é an sprioc a bhí ann go laghdófaí an gá a bhí le meánráta de 0.5 de choibhéis lánaimseartha in aghaidh an phríosúin go meánráta de 0.1 de choibhéis lánaimseartha in aghaidh an phríosúin. Cé nár baineadh amach an sprioc, laghdaíodh an riachtanas ionchur ama go dtí figiúr measta de 0.25 de choibhéis lánaimseartha in aghaidh an phríosúin, rud a thabharfadh coigilteas bliantúil d'am foirne deEUR 68 840 sa bhliain ar fud SPÉ.

**9.53** Dhearbhaigh SPÉ nach mbailíonn sí sonraí láraithe comhsheasmhacha i dtaobh líon iarbhír na láithreas cúirte mícheart. Sonraíonn SPÉ go bhfuil an figiúr iontach íseal mar gheall ar úsáid na liostaí cúirte leictreonacha agus teagmháil dhíreach leis na hoifigí cúirte.

## Beart tagarmharcála féinmheasúnaithe

**9.54** Thug an Roinn faoi bheart foirmeálta i gcomhar le soláthróir tríú páirtí chun a feidhmíocht a mheas thar thacar leathan de ghníomhaíochtaí feidhmiúla laistigh den Roinn, á dtagarmharcáil i gcoinne eagrais eile de chuid an Rialtais. Rinneadh achoimre ar na torthaí i dtuairisc i mí Aibreáin 2024.[1]

**9.55** Tugadh faoin measúnú ar bhonn féinmheasúnaithe ar Oifig Bainistithe Tionscadail na Roinne ar bhonn ginearálta. Díríodh é ar shé chuspóir agus ar 27 gníomhaíocht bhainteach. Thar na cuspóirí go léir, mheas an Roinn a feidhmíocht ag scór de '3 lúide' as uas-scór de 5. Bhí sé seo níos airde ná an scór coibhéiseach don phiar-thagarmharc, mar a bhí, 2 as 5.

**9.56** B'ionann ceann de na gníomhaíochtaí faoin gcuspóir 'punanna straitéiseacha agus punanna eile a bhainistiú' ná an ghníomhaíocht 'réadú tairbhí a thomhas agus a bhainistiú'. Don ghníomhaíocht seo, rinne an Roinn í féin a fhéinmheas ag 1, rud a chiallaíonn go ndéanann sé an réadú tairbhí ar bhonn neamhfhoirmeálta. Bhí sé seo beagáinín faoi bhun an phiar-thagarmhairc de '2 lúide'. Le scór de 2 a bhaint amach, ní mór tacar de mhéadrachtaí tairbhí airgeadais agus neamhairgeadais a shainiú mar chuid den bhainistiú punainne.

**9.57** Thug an Roinn le fios gur shainaithin an beart tagarmharcála seo tomhas agus bainistiú an réadaithe tairbhí ina chroí-réimse ina bhfuil gá le forbairt agus go bhfuil bearta á sainaithint aici i láthair na huaire chun an réimse seo a fhorbairt.

## Conclúidí agus moltaí

**9.58** Is ionann an Mol Oibríochtúil um an gCeartas Coiriúil agus comhoibriú riachtanach idir gníomhaireachtaí a bhíonn ag feidhmiú in earnáil an cheartais choiriúil. Tá beartaithe go n-éascóidh sé comhroinnt uathoibrithe éifeachtúil slán sonraí riachtanacha d'fhonn feidhmiú an chórais dlí choiriúil a shruthlíniú. Is í an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce an ghníomhaireacht cheannais i dtaca le seachadadh an chláir.

1 Cur i láthair PowerPoint dar teideal 'IT Score for Program and Portfolio Management' (Aibreán 2024).

### *Forbairt an Mhoil*

**9.59** Is iad cuspóirí an Mhoil, go mbainfear úsáid níos fearr as an teicneolaíocht agus as córais bainistithe faisnéise, go bhfaighfí réitithe den dúbláil agus den obair gan ghá, lena n-áireofaí dúbláil na gcomhad leictreonach agus páipéir, agus go ndéanfaí córais a chomhtháthú d'fhonn faisnéis chruinn thráthúil a chur ar fáil.

**9.60** Cuireadh tús foirmeálta leis an gclár chun an Mol a fhorbairt in 2017. Go dtí seo, is beag dul chun cinn atá déanta i réimsí an bhailithe sonraí agus an chuardaithe daoine — a raibh cuntas orthu sa chéad phlean don Mhol mar shnáithe 1 — mar gheall ar cheisteanna maidir le cáilíocht sonraí agus buarthaí maidir le slándáil sonraí. I gcás an tionscadail 'cuardaithe daoine' — arb é ab aidhm leis a ligean d'úsáideoir údaraithe duine faoi leith a chuardach agus athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid an duine sin — baineadh é sin den chlár in 2021.

**9.61** Luadh prionsabal RGCS an teorannaithe de réir cuspóra ina bhacainn shuntasach roimh dhul chun cinn nó bhí sé beartaithe ag an Roinn an chéad lá go gcoimeádfaí cóip de na sonraí a bhaileofaí, rud nach mbeadh ag teacht leis an bprionsabal seo. Is cosúil nach ndeachaigh a leithéid de cheisteanna i bhfeidhm ar thionscadail oibríochtúla de chuid shnáithe 2 ar an mbealach céanna nó téann na sonraí tríd an Mol agus ní choimeádann an Roinn iad.

**9.62** Bhí leibhéal an dul chun cinn a rinneadh ar na tionscadail inaitheanta de chuid shnáithe 2 measctha, agus go leor de na chéad tionscadail ar ghlac an Bord leo lena mbreithniú in 2017 gan tosú fós. Dá bharr sin, ní dóchúil go mbainfidh an Mol a chuspóir foriomlán amach sa ghearr- go meántréimhse, mar atá córas dlí choiriúil éifeachtach ina n-éascaítear bainistiú ceann go ceann cásanna.

### *Rialachas agus maoirsiú*

**9.63** Tá 'cairt' bhliantúil tionscadail ar cheann de na croí-cháipéisí a choinníonn an Bord agus an Roinn ar an eolas maidir le dul chun cinn chlár an Mhoil agus a chuid tionscadal. Is cosúil na nuashonruithe sa chairt bhliantúil a bheith íosta ó bhí 2020 ann agus tá dearbhaithe ag an Roinn nár ullmhaíodh cairt don obair a bhí le déanamh in 2024 go dtí mí Lúnasa 2025. Is féidir gur léiriú é seo, mar aon leis an scéal nár cuireadh ach ceithre thionscadal i gcrích ó bhí 2017 ann, ar chaillteanas móimintim sa chlár agus ar chaillteanas na nglanbhuntáistí féideartha eacnamaíocha a thiocfadh le húsáid na teicneolaíochta feabhsaithe.

**9.64** Ullmhaítear cáipéisí tionscnaimh tionscadail ag tús tionscadal ach ní chuimsíonn siad seo costais réamh-mheasta na mbuiséad do na tionscadail. Ní hann d'aon taifead láraithe de na costais a thabhaíonn gach comhpháirtí tionscadail ar thionscadail agus, dá réir, ní heol costas iomlán an Mhoil agus a chuid tionscadal.

**9.65** Le linn athbhreithniú ar dhá cheann de na tionscadail shnáithe 2 a cuireadh i gcrích, aimsíodh tagairtí do mhoilleanna ar sceideal na dtionscadal ar cuireadh síos dóibh gur bhain siad, inter alia, le hathruithe sa dearadh ag céim dhéanach. Ar a bharr seo, ba dheacair don fhoireann imscrúdaithe liosta críochnúil de thionscadail shnáithe 2 a dhéanamh amach. In ainneoin gur thug an Roinn le fios go ndearnadh feabhsuithe ar phróisis maoirseachta ó bhí 2020 ann, is cosúil fós go bhfuil laige ann ó thaobh pleanáil agus bainistiú tionscadal de. Cé nár leagadh amach aon mholtaí foirmeálta le linn an bhirt tagarmharcála ar tuairiscíodh air i mí Aibreáin 2024, is creat úsáideach atá ann don Roinn chun a feidhm bainistithe tionscadail a fheabhsú, lena n-áirítear fócas níos láidre ar an monatóireacht ar thairbhí.

### *Costais an chláir*

**9.66** Ní cosúil go raibh infhaigheteacht an mhaoinithe chun clár an Mhoil a chomhordú ina thoisc maidir leis na moilleanna. I gcás gnó 2017 an Mhoil, leagadh amach buiséad deEUR 7.2 milliún thar thrí bliana, a bhí le soláthar trí Vóta 24 Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Sa tréimhse 2017 – 2024, áfach, b’ionann na costais iomlána a tabhaíodh ar an Vóta agus thart arEUR 4.3 milliún. As an méid seo, tabhaíodh thart arEUR 1.75 milliún sa tréimhse 2017 – 2019, sular cuireadh tús le haon tionscadal de chuid shnáithe 2.

**9.67** Thabhaigh comhpháirtithe tionscadail costais eile ach ní choinnítear taifead lárnach de na costais a thabhaíonn comhpháirtithe tionscadail ar gach tionscadal. Tá ar a laghadEUR 0.6 milliún sa bhreis caite ag an tSeirbhís Chúirteanna, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, An Garda Síochána agus an tSeirbhís Promhaidh ar thionscadail áirithe de chuid an Mhoil. Thug an Roinn le fios nár thabhaigh Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann aon chostais sheachtracha maidir leis na tionscadail de chuid an Mhoil ar thug siad fúthu.

#### Moladh 9.1

Ba cheart don Roinn pleanáil agus bainistiú tionscadal a nuashonrú d’fhonn an próiseas a dhaingniú, go háirithe i dtaca le dearadh tionscadal, costais mheasta fhoriomlána agus meicníochtaí tuairiscithe.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaítear leis.

Ó cuireadh tús le clár an Mhoil Oibríochtúil um an gCleachtas Coiriúil, ghlac an Roinn le céimeanna suntasacha chun na próisis pleanála tionscadal, rialachais agus bainistíochta againn a neartú.

Cuireadh an coiste um Maoirsiú Tionscadal, Clár agus Punainne (TCP) ar bun in 2020. Tagann an coiste, atá déanta de bhaill shinsearacha d’fhoireann cheannaireachta na Roinne mar aon le comhaltaí seachtracha, le chéile ar bhonn ráithiúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar thograí tionscadail, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, athruithe ar raon/buiséad a fhaomhadh agus chun feidhmíocht tionscadal a mheas i gcoinne cuspóirí agus costas. Faigheann an coiste TCP tacaíocht ó ghrúpa de shaineolaithe TF agus airgeadais a bhailíochtaíonn indéantacht theicniúil agus airgeadais na gcásanna gnó a mholtar. Cinntíonn an maoirsiú seo athbhreithniú agus cuntasacht neamhspleách ag croí-phointí cinnteoireachta.

Cuireadh Oifig Bhainistithe Tionscadal (OBT) sainiúil ar bun freisin chun maoirseacht láraithe a sholáthar, chun cleachtais chaighdeánaithe a chur chun cinn agus lena chinntiú go gcloíonn gach tionscadal le creat rialachais comhsheasmhach.

Tá an Roinn lántiomanta do fheabhsú leanúnach ár gcumais bainistithe tionscadal agus déanann athbhreithniú rialta ar phróisis lena chinntiú go mbíonn siad i gcónaí éifeachtach agus ag teacht leis an dea-chleachtas. Chun na críche sin, tugadh faoi bheart aibíochta bainistithe tionscadal agus punainne in 2024 chun cleachtais reatha a thagarmharcáil agus réimsí ina bhfuil gá le feabhsúchán a shainaithint. Úsáidfear torthaí ón measúnú seo chun feabhsúcháin spriocdhírithe todhchaí ar ár modheolaíocht a threorú.

Déanfaidh an OBT lámhleabhar agus próisis tionscadal na Roinne a nuashonrú chun é sin a léiriú faoi dheireadh mhí na Samhna 2025. Chun é sin a chur i bhfeidhm, déanfaidh an OBT nuashonruithe spriocdhírithe ar an lámhleabhar tionscadal agus ar theimpléid tacaíochta, ag díriú ar na réimsí seo a leanas.

- Dearadh tionscadal agus próiseas: an chéim thionscnaimh tionscadail a neartú chun treoir níos soiléire ar shainiú cuspóirí, raonta feidhme agus socruithe rialachais a chuimsiú, mar aon le seicphointí nuashonraithe ag gach céim den tionscadal.
- Costais fhoriomlána mheasta: fo-rannán úr agus riachtanas teimpléid a thabhairt isteach chun meastacháin costais ardleibhéil a fháil ag an gcéim thionscnaimh, mar aon le treoir i dtaca le beachtú na meastachán seo de réir mar a théitear chun cinn le tionscadail le linn a saolré.
- Meicníochtaí tuairiscithe: cur le teimpléad nuashonraithe an stádais reatha trí
  - Critéir dhearga, ómra agus ghlasa a chaighdeánú mar aon le tairseacha le haghaidh comhsheasmhacht thar thionscadail.
  - Na deaiseanna ag leibhéal punainne a fheabhsú chun forléargas ar threochtaí costais, sceidil, rioscaí agus tairbhí a chur ar fáil do lucht Ardbhainistíochta.
  - Tuairisciú eisceachtaí agus trúigeanna uaschuir a neadú (m.sh. nuair a sháraíonn athraitheas costais nó sceidil teorainneacha sainithe).
  - Tuairisciú agus spriocphobal a shoiléiriú, chun ailíniú a chinntiú ó fhoirne tionscadail aníos go dtí lucht ardbhainistíochta agus coistí maoirseachta.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Deireadh mhí na Samhna 2025.

### *Tairbhí ionchais*

**9.68** I gcás an dá thionscadal oibríochtúla a ndearnadh athbhreithniú orthu mar chuid den imscrúdú, ba léir ón tús cé na tairbhí ionchais a bhí ann, ach ní dhearnadh i gcónaí luachanna eacnamaíocha a cheangal de na tairbhí ionchais seo. Ní raibh costais mheasta iomlána na dtionscadal i gcónaí soiléir sna cáipéisí pleanála.

**9.69** Rinneadh cuid de na tairbhí a baineadh amach a chainníochtú agus a mheas sa tuairisciú iar-chríochnaithe agus tugann sé seo le tuiscint go bhfuarthas an luach seo ó na córais idirnasctha. Is amhlaidh, áfach, le bheith in ann rathúlacht tionscadal a mheas agus a chinntiú go mbíonn tairbhí luachmhara á soláthar leis na costais a thabhaítear, tá gá le mapáil shoiléir ar ghaol tairbhe/costais na dtionscadal.

**9.70** Thug an Roinn le fios gur shainaithin tagarmharcáil a rinneadh le beart 2024 tomhas agus bainistiú an réadaithe tairbhí ina chroí-réimse ina bhfuil gá le forbairt agus go bhfuil bearta á sainaithint aici i láthair na huaire chun an réimse seo a fhorbairt.

**Moladh 9.2**

Ba cheart don Roinn a chinntiú go bpléann athbhreithnithe iar-thionscadail go sonrach le gach tairbhe ionchais de réir mar a taifeadadh le linn na céime pleanála agus go sonrófaí cé acu ar baineadh an tairbhe amach nó nár baineadh, i gcomhréir le torthaí bheart tagarmharcála na Roinne.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaítear leis.

In 2024, rinne an Roinn measúnú ar aibíocht a cuid próiseas bainistithe tionscadal. Déantar an leibhéal aibíochta a thagarmharcáil i gcoinne piaraí — sa chás seo, eagrais Rialtais eile. Ghnóthaigh an Roinn scór de 3 sa mheasúnú seo, i gcoinne tagarmharc piara de 2, rud a léiríonn leibhéal aibíochta is airde ná an meánleibhéal ó thaobh an bhainistithe tionscadal de sa Roinn.

Ón mbeart seo, sainaithníodh tomhas agus bainistiú an réadaithe tairbhí ina chroí-réimse ar ar ghá díriú agus é a fhorbairt. Tá an OBT ag sainaithint beart i láthair na huaire chun dul i ngleic leis seo, agus is é is fócas do gach cás gnó úr.

Tá obair sa siúl cheana chun athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis a bhaineann leis an réadú tairbhí agus beidh sé seo críochnaithe roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2025. Déanfaidh an OBT lámhleabhar agus próisis tionscadal na Roinne a nuashonrú chun é seo a léiriú go díreach ina dhiaidh sin, agus beidh sé seo déanta roimh dheireadh mhí na Samhna 2025.

Go háirithe:

- Sainaithint agus pleanáil tairbhí: riachtanais a athneartú ag céim thionscnaimh an tionscadail chun tairbhí ionchais a dhoiciméadú go soiléir, táscairí sainithe rathúlachta.
- Rianú tairbhí le linn an tseachadta: treoir a thabhairt isteach chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar thairbhí de réir mar a thugtar tionscadail chun cinn, rud a chinnteodh feiceálacht na rioscaí don réadú tairbhí ag céim luath.
- Athbhreithniú iar-thionscadail: an teimpléad athbhreithnithe iar-thionscadail a leasú chun measúnú éigeantach a chur san áireamh ar gach tairbhe a shainaithnítear ag an gcéim phleanála, mar aon le breithniú ar cé acu ar baineadh amach é, ar páirtbhaineadh amach é nó nár baineadh amach é.
- Maoirseacht phunainne: a chinntiú go ndéantar taifead de na ceachtanna a fhoghlaimítear ó athbhreithnithe ar thairbhí agus go mbaintear feidhm as seo i bpleanáil agus i gcinnteoireacht na Roinne.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Deireadh mhí na Samhna 2025.